

Úrscéal

Novel

(le Pól Ó Muirí)

1. Bhí Paloma Pettigrew ag siúl go réidh fadálach.	Paloma Pettigrew was walking easily and slowly.
2. Bhí sí ag déanamh a díchill gan aird a tharraingt uirthi féin.	She was doing her best not to attract attention to herself.
3. Stop an fear roimpi.	The man in front of her stopped.
4. Stop sise.	She stopped.
5. D'amharc sé isteach ar fhuinneog siopa.	He looked in a shop window.
6. Bhí sé ag breathnú go dian ar na hearraí a bhí san fhuinneog.	He was looking intently at the goods that were in the window.
7. D'amharc sise isteach ar fhuinneog an tsiopa a bhí in aice léi.	She looked into the window of the shop that was next to her.
8. Bhí fóin phóca ar díol ann.	Mobile phones were being sold there.
9. Bhí gach sórt fóin ann.	There was every kind of phone there.
10. Bhí cuid de na fóin chomh beag sin go mbeadh eagla ort go gcaillfeá iad, a smaoinigh sí.	Some of the phones were so small that you would be afraid that you would lose them, she thought.
11. D'amharc sí go staidéartha orthu ach, ag an am céanna, choinnigh sí súil ghéar ar an fhearr.	She looked studiously at them, but, at the same time, she made sure to keep a sharp eye on the man.
12. Bhí an chuma air nach raibh deifir ar bith air.	He seemed as though he wasn't in any hurry.
13. Bhí sé ag stánadh isteach ar an fhuinneog go fóill.	He was still staring into the window.
14. Rinne sé moill bheag eile agus ansin chuaigh sé ar a bhealach arís.	He delayed a bit more and then he went on his way again.
15. Lig sí osna.	She sighed.
16. Ní fhaca sé í.	He didn't see her.

Ceacht a Cúig

Lesson Five

Paloma

Paloma

Leathanach 2

Page 2

Tá mé tinn.	Deir sé go bhfuil sé tinn.	Níl mé tinn.	Deir sé nach bhfuil sé tinn.
I am sick.	He says that he is sick.	I am not sick.	He says that he is not sick.
Bhí mé tinn.	Deir sé go raibh sé tinn.	Ní raibh mé tinn.	Deir sé nach raibh sé tinn.
I was sick.	He says that he was sick.	I was not sick.	He says that he was not sick.
Chonaic mé í.	Deir sé go bhfaca sé í.	Ní fhaca mé í.	Deir sé nach bhfaca sé í.
I saw her.	He says that he saw her.	I didn't see her.	He says that he didn't see her.
Bheinn sásta.	Deir sé go mbeadh sé sásta.	Ní bheinn sásta.	Deir sé nach mbheadh sé sásta.
I would be happy.	He says he would be happy.	I wouldn't be happy.	He says he wouldn't be happy.
Chuala mé í.	Deir sé gur chuala sé í.	Níor chuala mé í.	Deir sé nár chuala sé í.
I heard her.	He says that he heard her.	I didn't hear her.	He says that he didn't hear her.
Cheannaigh mé é.	Deir sé gur cheannaigh sé é.	Níor cheannaigh mé é.	Deir sé nár cheannaigh sé é.
I bought it.	He says that he bought it.	I didn't buy it.	He says that he didn't buy it.
Is múinteoir mé.	Deir sé gur múinteoir é.	Ní múinteoir mé.	Deir sé nach múinteoir é.
I'm a teacher.	He says that he's a teacher.	I'm not a teacher.	He says that he's not a teacher.
Ba mhúinteoir mé.	Deir sé gur mhúinteoir é.	Níor mhúinteoir mé.	Deir sé nár mhúinteoir é.
I was a teacher.	He says that he was a teacher.	I wasn't a teacher.	He says that he wasn't a teacher.

1		a haon fuinneog / fuinneoga siopa / siopaí éadaí gúna / gúnaí bróg / bróga lampa / lampaí mála / málaí pictiúr / pictiúir dearg	number one window(s) shop(s) clothes dress(es) shoe(s) lamp(s) bag(s) picture(s) red	Cén áit atá sa phictiúr seo? What place is in this picture? Cad atá san fhuinneog? What's in the window? Cén dath atá ar na gúnaí? What color are the dresses? An maith leat siopadóireacht? Do you like shopping? An maith leat siopaí beaga? Do you like small shops?
2		a dó ciseán / ciseáin uisce bainne ola arán torthaí glasraí brocaílí tráta / trátaí cairéad / cairéid líomóid / líomóidí	number two basket(s) water milk oil bread fruit vegetables broccoli tomato(es) carrot(s) lemon(s)	Cad atá sa phictiúr ar chlé? What's in the picture to the left? An bhfuil feoil ann? Is there meat there? An itheann tú bananaí? Do you eat bananas? Ar ól tú bainne inniu? Did you drink milk today? An fearr leat brocaílí nó cairéid? Do you prefer broccoli or carrots? An bhfásann tú glasraí sa bhaile? Do you grow vegetables at home?
3		a trí bleachttaire bleachtairí póilín / póilíní hata / hataí cóta / cótaí píopa / píopaí boilgín / boilgíní gloine / gloiní formhéadúcháin	number three detective detective(s) police hat(s) coat(s) pipe(s) bubble(s) glass magnifying	Cé atá sa phictiúr seo? Who's in this picture? Cad atá sé ag caitheamh? What's he wearing? Cad atá ina bhéal? What's in his mouth? Cad atá ina lámh aige? What does he have in his hand? An léann tú scéalta bleactaireachta? Do you read detective stories?